Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2023/2702

29.11.2023

**CINNEADH (AE) 2023/2702 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 23 Samhain 2023**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht, thar ceann an Aontais Eorpaigh, le Stáit Aontaithe Mheiriceá le haghaidh comhaontaithe lena leagtar síos nósanna imeachta slándála maidir le satailítí Galileo a lainseáil ó chríoch na Stát Aontaithe**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 189, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích le Stáit Aontaithe Mheiriceá lena leagtar síos nósanna imeachta slándála maidir le satailítí Galileo a lainseáil ó chríoch na Stát Aontaithe.

(2) Tar éis do phearsanra na Rúise tarraingt siar go haontaobhach ó Ionad Spáis na Guáine agus tar éis dhá sheoladh Soyuz a bheith curtha ar ceal i mí Aibreáin agus i mí Mheán Fómhair 2022, chomh maith leis an moill a fógraíodh maidir le Ariane-6, bhí ar an Aontas teacht ar roghanna malartacha chun tús a chur arís go práinneach le seoladh shatailítí Galileo chun oibriú cuí chóras Galileo a áirithiú, ar cuid de Chlár Spáis an Aontais é arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

(3) Foráiltear le Rialachán (AE) 2021/696 go bhfuil freagracht fhoriomlán ag an gCoimisiún as Clár Spáis an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear i réimse na slándála, gan dochar do shainchumais na mBallstát i réimse na slándála náisiúnta.

(4) Tar éis staidéir indéantachta teicniúla a dhéanamh ar fheithiclí lainseála eile atá ar fáil, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurb iad monaróirí sna Stát Aontaithe amháin a sholáthraíonn na feithiclí lainseála atá comhoiriúnach le satailítí Galileo.

(5) I mí Eanáir 2023, thug an Coimisiún cuairt ar shuíomhanna lainseála sna Stáit Aontaithe in éineacht le saineolaithe slándála arna n-ainmniú ag roinnt Ballstát. Fuarthas amach ón gcuairt a indéanta a bheadh sé seoladh ó na suíomhanna sin sna Stáit Aontaithe a bhfuil bearta slándála iomchuí i bhfeidhm acu i leith ábhar agus doiciméadacht Galileo atá íogair ó thaobh slándála de, lena n-áirítear faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh.

(6) D'fhonn slándáil na faisnéise a chuimsítear i satailítí Galileo a áirithiú, tá gá le comhaontú atá ceangailteach ó thaobh dlí leis na Stáit Aontaithe chun sláine shatailítí Galileo ar chríoch na Stát Aontaithe agus rúndacht fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais atá laistigh de na satailítí nó a bhaineann le lainseáil na satailítí agus nach féidir a chur ar fáil do na Stáit Aontaithe, a chosaint.

(7) Ní mór aon mhalartú nó soláthar faisnéise rúnaicmithe idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe chun críocha lainseáil shatailítí Galileo na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le slándáil faisnéise rúnaicmithe ([2]) agus a socrú slándála ([3]) a chomhlíonadh,

([1]) Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

([2]) IO L 115, 3.5.2007, lch. 30.

([3]) Doiciméad ST 12142/07, atá ar fáil i gclár poiblí na Comhairle.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Leis seo, údaraítear an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht, thar ceann an Aontais, le Stáit Aontaithe Mheiriceá le haghaidh comhaontaithe lena leagtar síos nósanna imeachta slándála maidir le satailítí Galileo den chéad ghlúin a lainseáil ó chríoch na Stát Aontaithe.

2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo

*Airteagal 2*

Déantar an Coimisiún a ainmniú leis seo mar idirbheartaí an Aontais.

*Airteagal 3*

1. Déanfar an chaibidlíocht dá dtagraítear in Airteagal 1 a sheoladh i gcomhairle le Coiste Slándála na Comhairle, a ainmnítear leis seo mar choiste speisialta de réir bhrí Airteagal 218(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo, faoi réir aon treoracha a d'fhéadfadh an Chomhairle a eisiúint ina dhiaidh sin don Choimisiún.

2. Soláthróidh an Coimisiún an fhaisnéis uile is gá do Choiste Slándála na Comhairle chun go mbeidh sé in ann faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na caibidlíochta, lena n-áirítear tuairisciú ar thoradh na caibidlíochta go pras tar éis gach seisiúin caibidlíochta.

*Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Samhain 2023.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

P. ALEGRÍA CONTINENTE